



#### 4. MIONSONRAÍ AN CHEAPACHÁIN

D'fhonn an té atá le ceapadh a shocrú ar phárolla, ní mór cóip den litir ón Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachas (ERSO/SENO) a cheadaíonn an leithdháileadh reatha acmhainní ar an scoil a chur ar ais leis an bhfoirm seo.

**Tábhachtach: Caithfidh scoileanna/BOO Próiseas do Dhoiciméad Fíoraithe (PDF/PVD) a chomhlánú agus a chur ar ais maidir le gach folúntas atá le líonadh, ar a n-áirítear uaireanta breise atá le líonadh (i.e. má fhaigheann CRS atá ann cheana uaireanta breise). Caithfear an PDF a chur ar ais chuig an mbainisteoir don sannadh forlíontach laistigh de sé seachtaine ón uair a líontar folúntas – féach Ciorclán 34/2018 (leathanaigh 15/16).**

An bhfuil sé deimhnithe ag an scoil ó láithreán gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)/ SENO go bhfuil an ceapachán nua seo laistigh den Leithdháileadh CRS **reatha**?

Tá

Níl

Más 'Níl', deimhnigh ó láithreán gréasáin na CNOS (NCSE) nó le do SENO go bhfuil an ceapachán/méadú seo faofa sa leithdháileadh CRS atá agat.

Lánaimseartha:  Páirtaimseartha:  Más Páirtaimseartha, tabhair na sonraí; m.sh. 0.83, 0.5 srl.: \_\_\_\_\_

An Dáta a Thosaíonn an Ceapachán: \_\_ / \_\_ / \_\_\_\_

An Dáta a Chríochnaíonn an Ceapachán: \_\_ / \_\_ / \_\_\_\_ (i gcás téarma seasta)

Munar eol dáta críochnaithe, inis do Rannóg Phárolla na Foirme Neamhtheagasc (NTS) ar a laghad coicís roimh chríochnú chun ró-íocaíocht a sheachaint .

Bunús an Phoist: \_\_\_\_\_ m.sh. Post nua (leithdháileadh nua/breise CNOS), Ceapachán do dhuine ar Scor (éigeantach/deonach/míchumas), Éirí As, Postroinnt, Duine Ionaid do Bhriseadh Gairme, Iasacht, Marú, Eile (inís an chúis)

Más post nua atá i gceist (Leithdháileadh Nua/Breise CNOS) comhlánaigh an chuid seo le do thoil:

Ainm an Réamhtheachtaí: \_\_\_\_\_

Dáta Fágála: \_\_\_\_\_

Cúis Fágála: \_\_\_\_\_

An bhfuil an fhoirm don fhógra fágála curtha chuig an oifig? Tá  Níl

Más 'Níl' ba chóir í a chur ar ais leis an bhfoirm seo.

#### 5. GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tháinig dualgais maidir le Grinnfhiosrúcháin Reachtúil faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus gach imlitreacha na Roinne iomchuí I ndáil le Grinnfhiosrúcháin An Gharda Síochána.

##### Caithfear an chuid seo a chomhlánú

Cuir tic le "SEA" sa bhosca chun a léiriú gur comhlíonadh an riachtanas seo a leanas:

Chomhlíon an t-údarás scoile na hoibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil atá air faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus gach imlitreacha na Roinne iomchuí I ndáil le Grinnfhiosrúcháin An Gharda Síochána.

Sea

Ní hea

Más "Ní hea" ní bheidh an ceapaí atá beartaithe incháilithe le ceapadh. Ní cóir an fhoirm cheapacháin a chur isteach. Ba chóir d'údarás na scoile a bheith san airdeall freisin gur cion coiriúil atá ann gan cloí leis an oibleagáid ghrinnfhiosrúcháin faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

## 6. Oiriúnacht Leighis le dul i mbun Dualgas mar CRS:

An bhfuil deimhniú faighte agat ón tSeirbhís Sláinte Saothair go bhfuil an ceapaí atá beartaithe oiriúnach ó thaobh leighis le dul i mbun dualgas mar CRS de réir Chiorclán 54/2015? Tá fáil ar an nGnáth Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta feidhmíochta ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

Tá

Níl

(Más Níl, ní cóir foirm cheapacháin don CRS a chomhlánú go dtí go bhfaightear deimhniú.)

## 7. Foirm Shainordaithe

NÍ MÓR do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá faoi dhliteanas ÁSPC Aicme A san sainordú thíos a chomhlánú. Braitheann íocaíocht tuarastail le linn tréimhsí neamhláithreachta ar chomhlíonadh na rialachán ÁSPC.

### FOIRM ÚDARAITHE - ÍOCAÍOCHTAÍ SOCHAIR BHREOITEACHTA

Léigh mé agus thuig mé na coinníollacha agus nósanna imeachta a bhaineann le hoibriú na scéimeanna pá sochair bhreiteachta is infheidhmithe le CRSí. Is eol dom go bhféadfáinn bheith i dteideal íocaíochta ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ag brath ar mo theist ranníocaíochta ÁSPC, i ndáil le neamhláithreachtaí faoi na scéimeanna seo. Admhaím go mbeidh íocaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna le linn neamhláithreachta ar shaoire bhreiteachta faoi réir ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) go ndéanaim na héilimh riachtanacha ar shochar breiteachta chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha agus, go gcomhlíonfaidh mé, ar feadh mo chumais, cibé riachtanas a leagfaidh an Roinn sin síos mor choinníoll chun an sochar sin a éileamh.

(b) go dtabharfaidh mé údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochar atá dlite dom a íoc go díreach chuig cuntas bainc na Roinne Oideachais agus Scileanna.

(c) go dtugaim údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna coinníollacha leasaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le híocaíocht sochair bhreiteachta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chomhlíonadh.

Admhaím freisin gur féidir aon íocaíochtaí atá dlite dom ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i ndáil le neamhláithreachtaí den sórt sin faoi na socruithe íocaíochta reatha a aisghabháil trí bhíthin iad a bhaint as mo thuarastal sa chás nach gcomhlíonfaidh mé na coinníollacha thuasluaite. Dá réir sin, glacaim leis, d'fhonn comhlíonadh leis an méid thuas agus leis na rialacháin um neamhláithreacht bhreiteachta a chinntiú, go mb'fhéidir go mbeidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí lena fháil amach cé hiad na híocaíochtaí a rinneadh liom, an tráth a rinneadh iad agus méid agus fad achair íocaíochtaí den sórt sin. Údaraím don Roinn Oideachais agus Scileanna, leis seo, fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh. Tuigim nach n-úsáidfeair aon fhaisnéis a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun críocha an méid roimhe seo agus nach nochtfar d'aon duine neamhúdraithe iad

Sínithe: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Uimh PSP: \_\_\_\_\_

Uimh. Rolla: \_\_\_\_\_

## 8. Cáilíochtaí

An bhfuil na cáilíochtaí oideachais íosta lena c(h)eadadh ag an duine a bhfuiltear ag beartú a cheapadh?

Tá

Níl

Más Níl, ní cóir an fhoirm cheapacháin a chur chuig an Roinn.

## 9. Seirbhís AE roimhe seo i scoil agus/nó i mBord Oideachais agus Oiliúna

Má tá seirbhís cheana agat, d'fhéadfadh go mbeadh tú i dteideal creidiúint incriminteach – Féach Ciorclán 0139/2006 na Roinne.

<u>Ó</u>	<u>Go</u>	<u>Ainm agus Seoladh na Scoile/an BOO</u>

## 10. Dearbhuithe de réir an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012

Caithfidh daoine atá ag glacadh ceapacháin sa tseirbhís phoiblí an fhoirm seo a chomhlánú.

Bain úsáid le do thoil as an Treoirnóta chun cuidiú leis an dearbhú seo a chomhlánú.

Ba chóir aon fhiosruithe faoin Dearbhú seo a threorú chuig an Aonad Pinsin ag [pensions@education.gov.ie](mailto:pensions@education.gov.ie)

**Foláireamh:** Muna bhfaighimid an fhoirm seo comhlánaithe go hiomlán & go cruinn beidh moill ar tú a thosú sa scéim phinsin agus d'fhéadfadh dá réir go mbeadh ort riaráistí in asbhaintí pinsin a íoc

Dearbhú faoi Alt 51 (Dualgas dearbhú a dhéanamh, srl.) de Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Soláthairtí Eile) Acht 2012

Éilíonn Alt 51 (*Dualgas dearbhú a dhéanamh, srl.*) de *Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Soláthairtí Eile) Acht 2012* mar seo a leanas:

Beidh ar aon duine -

(a) a ghlacann fostaíocht i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) agus —

(i) a bhfuil teidlíocht acu d'aon phinsean coinnithe nó aon chnapshuim choinnithe nó aon sochar scoir eile, nó

(ii) a fuair nó atá ag fáil sochar scoir,

faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana a raibh sé nó sí mar chomhalta de, dearbhúchán a thabhairt ina leith sin don údarás cuí.

**1. FOSTAÍOCHT ROIMHE SEO** (Níl gá lena leithéid **ACH AMHÁIN** d'fhostaíochtaí sa tSeirbhís Phoiblí in **Éirinn** agus d'fhéadfadh go mbeadh fostaíochtaí lasmuigh den earnáil oideachais i gceist m.sh. FSS, Stáit Seirbhís srl.

Fostóir	Dátaí Ó – Go	Fostaíocht le Pinsean (Sea/Ní hea)

**2. LUACH SAOTHAIR/PÁ** (cuir tic de réir mar a oireann) (Líon isteach má tá “Tá” thuas)

Dearbhaím go bhfuil  nach bhfuil  luach saothair (pá) á fháil agam ó aon eagraíocht seirbhíse poiblí eile.

CINEÁL	
PÁ COMHLÁN BLIANTÚIL	
ÚDARÁS ÍOCAÍOCHTA	
% DE PHOST LÁNAIMSEARHTHA	

**3. a) Sochair Pinsin atá Iníoctha faoi láthair** (cuir tic de réir mar a oireann)

Dearbhaím go bhfuair mé  nach bhfuair mé  go bhfuilim ag fáil  sochair phinsin

Ma chuir tú tic le ‘go bhfuair mé/go bhfuilim ag fáil’ thuas, líon isteach é seo a leanas:

Cineál (Scor, Drochshláinte, Luathscor srl.)	
Údarás Íocaíochta	

**b) Teidlíocht Todhchaí do Shochair Phinsin** (cuir tic de réir mar a oireann)

Tá  Níl  teidlíocht agam do na sochair phinsin thuasluaite

Má tá tic curtha agat le “Tá” thuas, comhlánaigh iad seo a leanas:

Cineál	
Údarás Íocaíochta	

Síniú: \_\_\_\_\_

Ainm (Bloclitreacha): \_\_\_\_\_

Uimh PPS: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### Don Oifig amháin:

Ball den Scéim Aonair Sea/Ní hea: \_\_\_\_\_

Curtha chuig an Aonad Pinsin: \_\_\_\_\_

Taifeadtha ag: \_\_\_\_\_

## Treoirnóta

### Chun an Dearbhú a chomhlánú faoin Acht um Scéim Aonair Pinsin

Más CRS tú atá ag glacadh le post san Earnáil Phoiblí (*m.sh FSS, Stáitseirbhís, BOO srl*) don CHÉAD uair, ní bheidh teidlíocht ar phinsean agat cheana féin agus dá bhrí sin ba chóir duit an dearbhú a chomhlánú mar seo a leanas:

1. Stair Gairme Ní Bhaineann
2. Luach Saothair/Pá Ba chóir duit tic a chur leis seo mar “Nílim” fostaithe in aon Phost sa tSeirbhís Phoiblí agus ní raibh tuarastal á fháil agam sular ceapadh mé anseo.
3. Sochar Pinsin Ba chóir duit tic a chur le “Ní bhfuair mé” ag (a) agus “Níl” ag (b) Ní bheidh gá le haon eolas eile sna boscaí thíos.

#### *Ba chóir an fhoirm seo a shíniú, dáta agus Uimh PPS a chur leis*

Más CRS tú a bheidh ag glacadh le post sa tSeirbhís Phoiblí tar éis a bheith ag obair i bpost CRS cheana agus/nó san Earnáil Phoiblí níos leithne, d'fhéadfadh go mbeifeá i dteidil pinsin mar thoradh ar an bhfostaíocht sin agus ba chóir duit an dearbhú seo a leanas a chomhlánú:

1. Stair Gairme Ba chóir duit an tseirbhís a chríochnaigh tú in **Éirinn** i bpoist CRS agus/nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne a chur in iúl.
2. Luach Saothair/Pá Ní cóir ach “Táim” a chur isteach má tá tú fostaithe faoi láthair i bPost eile sa tSeirbhís Phoiblí, muna bhfuil cuir tic le “Nílim”
3. Sochar Pinsin Ba chóir duit tic a chur le “go bhfuair mé” ag (a) má tá ranníocaíocht phinsin íoctha cheana agat in aon phost CRS /Seirbhíse Poiblí agus má tá sochar pinsin Faighte agat mar thoradh ar na ranníocaíochtaí seo.  
  
Ba chóir duit tic a chur le “nach bhfuair mé” ag (a) má tá ranníocaíocht phinsin íoctha cheana agat in aon phost CRS /Seirbhíse Poiblí go dáta agus go bhféadfadh pinsean a bheith ag teacht chugat sa todhcháí i ngeall ar na ranníocaíochtaí seo.  
  
Ba chóir tic a chur le “go bhfuilim ag fáil” ag (a) má tá sochar pinsin á fháil agat faoi láthair tar éis ranníocaíocht phinsin a íoc in aon phost CRS /Seirbhíse Poiblí.
4. Ba chóir duit tic a chur le “Tá” ag (b) má íoc tú ranníocaíocht phinsin ag aon am i bpost CRS /sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá teidlíocht agat sochar a éileamh sa todhcháí.  
  
Ba chóir duit tic a chur le “Níl” ag (b) má íoc tú ranníocaíocht phinsin ag aon am i bpost CRS/sa tSeirbhís Phoiblí agus muna bhfuil teidlíocht agat sochar a éileamh sa todhcháí (m.sh. má fuarthas aisiocaíocht ar ranníocaíochtaí).

#### *Ba chóir an fhoirm seo a shíniú, agus dáta agus Uimh PPS a chur isteach*

## CRS Seicliosta agus Dearbhuithe

I gcás gach ceann acu seo, dearbhaím mar seo a leanas:

1. Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go bhfuil an fhaisnéis sa cháipéis seo fíor, cruinn agus iomlán ar gach bealach. Tuigim go bhfuilim freagrach as cruinneas na faisnéise agus go mbeidh baol ann, sa chás go gcoinním siar aon fhaisnéis, go gcaillfidh mé an ceapachán nó go bhfoirceannfar é.
2. Tá mo chonradh fostaíochta faighte, léite agus sínithe agam agus aontaím chun cloí leis na téarmaí (tuilleadh eolais i gCiorcláin 12/2005 & 15/2005) agus tuigim go bhféadfaí an post seo a fhoirceannadh trí bhithin iomarcaíochta agus tá téarmaí Chiorclán 58/2006 léite agam agus tá siad ar eolas agam maidir le hiomarcaíocht.
3. Tá an féindearbhu comhlánaithe agam mar is cuí de réir mhír 4 de Chiorclán 07/2013 dar teideal An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta fostaíthe i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail / Scoileanna Cuimsitheacha.
4. Dearbhaím, de réir riachtanais an Chiorcláin um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána 0031/2016, go bhfuil dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leaná, a rinneadh sa bhliain féilire reatha nó sa bhliain roimhe, tugtha agam.
5. Ón dáta a shínigh mé an dearbhú reachtúil leis seo, dearbhaím don údarás scoile nach bhfuil aon ghné ar bith de m'iompraíocht, de mo charachtar ná de mo chúlra pearsanta, a mhéid is eol dom agus is a chreidim, a rachadh chun dochair, ó thaobh cosaint leaná de, don phost muiníne a bheadh agam i ndáil le leaná nó le daoine soghonta de bhua mé a cheapadh chun post CRS sa scoil seo.
6. Admhaím agus tuigim gurb ionann aon dearbhú míthreorach nó bréagach maidir le m'iompar, carachtar nó cúlra pearsanta nó aon mhainneachtain de mo chuid ó thaobh údarás na scoile a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha ag a bhféadfadh éifeacht bheith ar m'oiriúnacht, ó thaobh na cosanta leaná de, agus sárú ar mo chonradh fostaíochta agus go bhféadfadh siad a bheith mar fhorais do dhífhostú achomair ag an údarás scoile.
7. Is eol dom nach gceanglaítear orm faoi láthair, agus nach gceanglófar orm sa todhchaí, sonraí faoi aon chiontuithe a mheastar a bheith spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, a nochtadh d'údarás scoile agus, de réir alt 10 den Acht sin, nach bhfuil feidhm aige sin i gcás ciontú ar bith i leith cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó 2 de Sceideal 1 leis an Acht sin nó ina leith siúd atá sonraithe i Sceideal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.
8. Dearbhaím freisin go gcuirfidh mé in iúl don údarás scoile faoi aon rud a chuirfeadh as do m'oiriúnacht, ó thaobh na cosanta leaná de, a mbeadh tionchar aige ar mé a bheith ag leanúint sa bhfostaíocht le húdarás scoile nó le fostaíocht amach anseo le húdarás scoile.
9. Dearbhaím go n-aisiocfaidh mé leis an Aire Oideachais agus Scileanna aon airgead a íoctar liom nach bhfuil iníochta i gceart. Comhaontaím chun cloí le Beartas Ró-íocaíochta na Roinne mar a leagtar amach é i gCiorclán 84/2015 maidir leis sin.
10. Tuigim na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scéimeanna pá máithreachais/uchtála a oibriú.
11. Tá an Nóta maidir le hEolas Párolla léite agam.
12. Shínigh mé an fhoirm shainordaithe, an Fhoirm Údaraithe (íocaíochtaí sochair bhreiteachta).
13. Tuigim go bhféadfadh 6 seachtaine bheith i gceist sula ndéanfar íocaíocht liom, i ndiaidh don Roinn an cháipéisíocht iomlán ábhartha a fháil. Tá sin amhlaidh mar gheall ar thabhairt chun críche an phróisis phárolla agus sa chás go gcuirtear an cháipéis seo ar ais go neamh-chomhlánaithe, nach n-íocfar tuarastal liom nó go mbeidh foirm lán-chomhlánaithe faighte.
14. An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 a rialaíonn an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD). Tugtar sainmhíniú san Acht ar an duine dá bhfeidhmíonn an PRD mar dhuine (i) ar fostaí sa tseirbhís phoiblí é, agus (ii) ar ball de scéim pinsin seirbhíse poiblí é, nó (iii) atá i dteideal sochair faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí, nó (iv) a fhaigheann íocaíocht in áit ballraíochta i scéim pinsin seirbhíse

An í seo do phríomhfhostaíocht san earnáil phoiblí?

Is ea  Ní hea

Tabhair faoi deara nach mór gach fostaíocht san earnáil phoiblí a ainmniú mar phríomhfhostaíocht nó mar fhofhostaíocht lena chinntiú nach ndéanfar gannasbhaint PRD. Tá breis eolais faoin PRD le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

Síniú an CRS: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Síniú an Phríomhoide/Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Nóta: Caithfidh an té atá le ceapadh agus an Príomhoide an doiciméad seo a shíniú agus iad i láthair a chéile

## Seicliosta agus Dearbhuithe do Phríomhoidí/ Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

I gcás gach ceann acu seo, dearbhaím mar seo a leanas:

1. Tá gach cuid ábhartha den cháipéis seo comhlánaithe agus tá na mionsonraí iontu fíor agus cruinn.
2. Tá conradh fostaíochta sínithe ag an dá pháirtí. Coimeádtar an conradh seo sa scoil agus tá cóip de tugtha don Chúntóir Riachtanas Speisialta. (Féach Ciorcláin 12/5 agus 15/05)
3. Glacaim leis go bhfuil an t-údarás scoile freagrach as a chinntiú go gcomhlánófar an fhoirm seo i gceart d'fhonn tuarastal agus líuntais a íoc leis an duine a cheaptar.
4. I gcás duine nuacheaptha chuig an scoil, deimhním gur cheadaigh mé teistiméireachtaí fostaíochta le ar a laghad 2 de na fostóirí is déanaí agus gur fhóraigh mé leo an stair fostaíochta is déanaí.
5. Tá deimhniú ar inniúlacht ar thabhairt faoi dhualgais mar Chúntóir Riachtanas Speisialta faighte agam maidir leis an duine a bhfuiltear ag beartú a cheapadh, ón tSeirbhís Sláinte Ceirde
6. Deimhním go bhfuil riachtanais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus gach imlitreacha na Roinne iomchuí i ndáil le Grinnfhiosrúcháin An Gharda Síochána comhlíonta i ndáil leis an duine seo a bhfuiltear ag beartú a cheapadh

Síniú na bPríomhoidí/an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### **Ráiteas Príobháideachta um Chosaint Sonraí**

Is í an **phríomhchúis** go bhfuil na sonraí pearsanta atá á sholáthar agatsa de dhíth ar an Roinn ná chun tuarastal a íoc. Tá gá leis freisin chun pinsean a íoc ag pointe scoir. D'fhéadfadh go ndéanfaí na sonraí a chuireann tú ar fáil a mhalartú le do scoil maidir le do cheapachán mar is gá don chonradh; do na Coimisinéirí Ioncaim,, don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar is gá de réir dlí; agus aon eagraíochtaí eile a bhfuil treoir tugtha agat maidir le hasbhaintí deonacha ó do phá. Tá fáil ar eolas breise maidir leis an nóta príobháideachta a bhaineann leis an bhfoirm seo ar fáil ar [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie). Tá fáil ar na sonraí uile maidir le polasaí um chosaint sonraí na Roinne a dhéanann cur síos ar an tslí ina mbainfimid úsáid as do shonraí pearsanta nó as do shonraí pearsanta do linbh mar aon le heolas faoi do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá fáil ar shonraí an pholasaí seo ar chruachóip freisin ach a leithéid a éileamh ón seoladh thíos.

Ba chóir gach cáipéisíocht chomhlánaithe a sheoladh chuig:

Párolla NTS (Foireann Neamhtheagaisc),  
**An Roinn Oideachais agus Scileanna,**  
Cor na Madadh,  
Baile Átha Luain,  
Co. na hIarmhí  
N37 X659

Fón 090 64 84136

Ríomhphost: [Ntspayroll@education.gov.ie](mailto:Ntspayroll@education.gov.ie)

**Ní féidir an chéad íocaíocht don scoilbhliain  
2018/19 a dheimhniú ach amháin má bhíonn  
an fhoirm seo faighte ag an Rannóg Phárolla  
NTS faoin Aoine 13 Iúil 2018**

11 rogha a dhéanann cur síos ar chaidreamh idir bheirt de réir an dlí:

1. Singil
2. Pósta
3. Páirtí Sibhialta
4. Colscartha
5. Comháitritheoir
6. Scartha go breithiúnach
7. Scartha
8. Iar-pháirtí Sibhialta
9. Baintreach/Baintreach Fir
10. Páirtí sibhialta a mhaireann
11. Ní fios

Mura mbíonn an Stádas Sibhialta ar eolas roghnaítear “Ní fios” go ndeimhnítear an stádas.

**Sainmhíniú ar Stádas Sibhialta (mar a aithnítear i nDlí na hÉireann é):**

Rogha	Sainmhíniú
Singil	Duine nár phós ná nach ndeachaigh isteach i bpáirtinéireacht shibhialta riamh.
Pósta	Duine nó beirt d’inscne ar bith a bhfuil pósadh cláraithe acu leis an Stát.
Páirtí Sibhialta	Duine ar duine de bheirt den inscne céanna é/í atá ina c(h)omhpháirtí cláraithe páirtinéireachta sibhialta a aithníonn an Stát agus nár scaoileadh ná nach bhfuil faoi réir ag foraithe neamhnithe.
Colscartha	Duine a bhíodh pósta agus ar glacadh le foraithe colscartha ina c(h)ás sa chúirt chuí faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó a aithnítear mar sin i ndlí na hÉireann.
Comháitritheoir	Is ionann comháitritheoir agus duine de bheirt fhásta (den inscne chéanna nó d’inscne éagsúla) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh dúthachtach agus nach bhfuil gaol acu lena chéile níos gaire ná na céimeanna ceadaithe gaoil, pósta lena chéile ná i bpáirtinéireacht shibhialta le chéile.
Scartha go breithiúnach	Duine ar bronnadh scaradh breithiúnach air/uirthi faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 nó a aithnítear mar sin i nDlí na hÉireann.
Scartha	Duine a bhfuil scaradh aontaithe aige/aici ach nach bhfuil foraithe scartha bhreithiúnaigh faighte aige/aici faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995.
Iar-pháirtí Sibhialta	Duine a bhíodh i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a scaoileadh (ach amháin má scaoileadh í trí phósadh lánúine a bhíodh go dtí sin i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a chlárú).
Baintreach/Baintreach Fir	Duine a bhíodh pósta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nár phós arís ó shin.
Páirtí Sibhialta a mhaireann	Duine a bhíodh i bpáirtinéireacht shibhialta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nach ndeachaigh isteach i bpáirtinéireacht shibhialta eile ná nár phós ó shin.
Ní fios	Úsáidtear an rogha nuair nach bhfuil stádas sibhialta baill ar eolas agus nuair nach féidir teacht ar an eolas sin go héasca. Ní úsáidtear an rogha seo ach amháin go dtí gur féidir an stádas sibhialta a dheimhniú.